Seisiún Locha Riach

Bhí seisiún breá Gaelach eagraithe ag **'Gaeilge Locha Riach'** le deireannas ina raibh scoth an ceoil agus na hamhránaíochta le cloisteáil.

Ní raibh leithscéal ar bith don ócáid ach ... ar mhaithe leis an chraic ... cúis ar bith eile. Ar ndóigh, ba léir nach raibh fáth ar bith eile de dhíth ag an cuideachta an-sult a bhaint as an chomhluadar cheolmhar le linn na hoíche. Cinnte, cuireadh béim faoi leith ar amhránaíocht **Lillis Ó Laoire**, agus é ar cuairt don oíche. Mar atá a fhios ag an saol mhór, tá stór iontach amhráin de ghlanmheabhair ag an **dochtúir Ó Laoire** agus ba mhór an meas a bhí ag cuideachta na hoíche dá leithéid. Chas sé go leor amhráin de chuid Raifteirí agus cinn eile ó bhailiúchain béaloidis an cheantair.

I measc na ceoltóirí a bhí ag glacadh páirte sa seisiún, bhí **Breeda Keville**, **Verena Commins**, **Seán Ó Flannagáin** agus **Eugene Bellew**.

Ar ndóigh, cuireadh fáilte roimh amhránaithe eile le linn na hoíche agus tharla go raibh scéalaíocht ar bhéaloideas na n-amhráin leis.

*Seo cuid de na ceoltóirí a ghlac páirt i **Seisiún Locha Riach** le deireannas, **Seán Ó Flannagáin**, **Áine Uí Fhlannagáin**, **Lillis Ó Laoire**, **Verena Commins** agus **Breda Keville**.*

Gradaim Locha Riach 2008
Ba mhór ag Gaeilge Locha Riach cuireadh a thabhairt do ghrúpaí moltaí a chur isteach le haghaidh 'Gradaim Locha Riach 2008'.

Ceiliúradh a bhéas san oíche shóisialta seo Máirt 2 Nollaig in Óstán Locha Riach ar a bhfuil bainte amach ar son na Gaeilge ag grúpaí pobail sa chomharsanacht i rith na bliana.

Beidh ceol, amhránaíocht, spraoicheist, siamsaíocht, fíon is fáiltiú ag an ócáid speisialta seo. Bronnfar Gradaim an Phobail 2008 ar na heagraíochtaí pobail uile a rinne iarracht an Ghaeilge a chur chun cinn i mbliana sa cheantar. Mar aon leis sin, bronnfar 5 gradaim speisialta ar na heagraíochtaí pobail a rinne iarracht ar leith ar bhun dheonach i ***mBaile Locha Riach***, i ***mBéal Átha na Slua***, in ***Átha an Rí***, i ***nGort Inse Guaire*** agus in ***Órán Mór***.

B'é **Seosamh Mac Donncha**, Príomhfheidhmeannach Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe a bhéas i láthair leis na gradaim a bhronnadh i mbliana.

Tuilleadh Eolais: ***091 870718*** *nó* prua@lochariach.com

Pádraig Ó Baoill
Oifigeach Forbartha

Tomás Breathnach*, Timire Gaeilge Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe ag bronnadh Gradaim an Phobail 2007 ar* ***Kitty McNamee*** *agus ar* ***an t-Athair Tomás Ó Seannacháin*** *ó Senior Citizens Loughrea a bhí i measc na mbuaiteoirí anuraidh.*

Beirt sár-cheoltóirí i gcuideachta a chéile ag ***Seisiún Locha Riach*** *ar na mallaibh;* ***Verena Commins*** *ar an bhosca is* ***Breda Keville*** *ar an fhidil.*

This social evening in the Lough Rea Hotel and Spa on Tuesday 2nd December will be a celebration of community groups achievements for their promotion of the Irish language in the Loughrea area throughout the year.

This special evening will include music, song, a fun-quiz and a wine reception. **Gradaim an Phobail 2008** - Community Awards will be presented to all the community groups that have promoted the Irish language in the locality. Last year a total of 25 organisations received awards.

5 Special awards will also be presented to those nominated and seen as the best in organizing Irish language events on a voluntary basis in ***Loughrea***, ***Ballinasloe***, ***Athenry***, ***Gort*** and ***Oranmore***.

Seosamh Mac Donncha, C.E.O. Co. Galway V.E.C. will be in attendance to present the awards.

Tuilleadh Eolais: ***091 870718*** nó prua@lochariach.com

Pádraig Ó Baoill
Oifigeach Forbartha

Maidin Caife le leabhair

Bhí Maidin Caife do theaghlaigh eagraithe i **nGaelscoil Riabhach**, i **mBaile Locha Riach** le deireannas. Tháinig tuismitheoirí, múinteoirí is daltaí na scoile le chéile l'ócáid speisialta a eagrú ina raibh deis ag gach duine cupán tae nó caife a bheith acu agus roinnt de na cistí milse is brioscaí lámhdhéanta a bhlaiseadh.

Caithfidh a rá go raibh rogha iontach milis curtha os comhair phobal na Gaelscoile. Bhí aonach leabhar curtha ar bun sa scoil ag an am céanna chomh maith. Díoladh go leor leabhar le linn na hócáide ag an ghaelscoil ach is cosúil go raibh níos mó cistí milis is brioscaí blasta díolta. Chuaigh an brabús ar fad i dtreo imeachtaí breise a eagrú sa scoil.

Seo roinnt de na tuismitheoirí is páistí Ghaelscoil Riabhach agus iad tógtha go mór leis an mhaidin caife.

Cairde na Gaeilge.

Ba mhaith le ‘Gaeilge Locha Riach’ comhghairdeas a ghabháil le **‘Cairde na Gaeilge’** i mBaile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe as clár imeachtaí leathan a chur le chéile le linn na scoilbhliana 2008-09.

Agus **Gaelscoil Riada** is **Coláiste an Eachréidh** bunaithe le roinnt blianta anois sa bhaile, creideann **‘Cairde na Gaeilge’** go bhfuil sé mar dúshlán dóibh pobal Gaelach a chothú sa chomharsanacht. Chuige sin, tá sé i gceist acu go leor imeachtaí sóisialta a reachtáil sa dóigh is gur féidir pobal gaelach a chothú is a spreagadh. Mar shampla, tagann grúpa tuismitheoirí is leanaí le chéile go seachtainiúil, eagraítear imeachtaí iarscoile, ciorcail comhrá is ócáidí theaghlaigh agus go leor pleananna acu tógáil ar an dea-obair seo.

Grúpa tuismitheoirí is leanaí a thagann le chéile go rialta mar chuid d’imeachtaí ***‘Cairde na Gaeilge’*** *i* ***mBaile Átha an Rí.***